Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2164(DEC)

24.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (roimh 19.1.2022, an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn) don bhliain airgeadais 2022
(2023/2164(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí is ábhartha;

2. á chur in iúl gur geall léi gur tugadh aghaidh ar dhá shaincheist, arbh iad sin líon ard na mbainisteoirí sealadach agus an easpa nuashonruithe ar an mbeartas maidir coinbhleacht leasa a bhainistiú agus a chosc, arna sainaithint i mbarúlacha na Cúirte sna blianta roimhe sin; ag tabhairt dá haire go ndúnfar na barúlacha maidir le nósanna imeachta soláthair a tuairiscíodh sna blianta roimhe sin, eadhon na háitribh ar cíos in Lesbos agus sa Róimh, in 2023;

3. á chur in iúl gur geall léi iarrachtaí EUAA chun an sainordú nua a chur chun feidhme ó mhí Eanáir 2022 in ainneoin líon neamhleordhóthanach ball foirne breise; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh baill foirne a cheadú agus poist áirithe a athaicmiú chun cur chun feidhme ceart a áirithiú, go háirithe maidir leis an Oifigeach um Chearta Bunúsacha, an Díorma cúltaca um Thearmann agus na gníomhaíochtaí faireacháin agus oibriúcháin chun a áirithiú go ndéanfar cearta iarrthóirí ar thearmann a choimirciú i gcónaí agus i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme;

4. ag meabhrú an róil atá ag EUAA maidir le tacaíocht a chur ar fáil chun iarratais le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a phróiseáil agus le hoiliúint a chur ar na cásoibrithe atá freagrach as éilimh ar thearmann a phróiseáil; á chur in iúl gur gá do EUAA leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do thríú tíortha i ndéileáil le hiarratais ar thearmann agus ar imirce; á iarraidh go ndíreofaí an buiséad ar thuilleadh earcaíochta foirne más gá chun cabhrú leis na Ballstáit scrúdú cothrom agus cóir a áirithiú ar na hiarratais ar thearmann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta, go háirithe earcaíocht ateangairí agus síceolaithe d’iarratasóirí ar de ghrúpaí leochaileacha iad;

5. á chur in iúl gur geal léi gur bhain nach mór 4 mhilliún duine tairbhe as cosaint shealadach i ndiaidh don Chomhairle sainordú a thabhairt do EUAA, don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX) agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL), chun tacaíocht oibríochtúil a thabhairt do na Ballstáit a iarrann cúnamh maidir le déileáil le teacht isteach dídeanaithe tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin;

6. ag meabhrú mholadh an Údaráis um Urscaoileadh ina thuarascáil do 2020; ag tabhairt dá haire go leanann EUAA de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le córas glactha cosantach a áirithiú do mhionaoisigh neamhthionlactha trí oiliúint, tacaíocht oibríochtúil, treoir, uirlisí agus ábhar faisnéise, amhail bileoga agus físeáin a dhíríonn ar mhionaoisigh in ionaid ghlactha, a sholáthar; á mheabhrú gur thaisc mionaoisigh neamhthionlactha 42 000 iarratas ar thearmann in 2022 san Aontas agus san Íoslainn, i Lichtinstéin, san Iorua agus san Eilvéis (tíortha AE+); á chur in iúl gur mór aici freisin

gur eagraíodh cruinniú téamach sa tSlóivéin le rannpháirtíocht 13 thír lena lamháiltear do gheallsealbhóirí éagsúla dea-chleachtais a phlé maidir le saoráidí glactha do mhionaoiseach neamhthionlactha;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur chuir EUAA pleananna oibríochta i bhfeidhm in 14 Bhallstát, agus dá bhrí sin gur leathnaigh sé a oibríochtaí chuig sé thír bhreise de chuid an Aontais agus gur imscar EUAA pearsanra chuig tír nach tír den Aontas í, an Mholdóiv, den chéad uair ó bunaíodh é; á chur in iúl gur mór aici freisin rannpháirtíocht láidir EUAA sa ghné sheachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET), lena dtugtar tacaíocht do thíortha AE+ 2,585 dhuine a athlonnú trí 13 mhisean roghnúcháin agus 3 mhisean réamhimeachta;

8. ag tabhairt dá haire cúnamh EUAA do thíortha comhpháirtíochta na mBalcán Thiar trí fhothú acmhainneachta institiúideach, oiliúint agus cóitseáil sa láthair oibre a chur ar fáil maidir le croí-nósanna imeachta tearmainn;

9. ag tabhairt dá haire gurb é barúil na Cúirte go bhfuil na comhaontuithe idir an tAontas agus Tíortha Comhlachaithe Schengen (SACanna), a fheidhmíonn mar bhunús dlí chun a ranníocaíochtaí le buiséad EUAA a ríomh, neamhshoiléir agus go ligtear léirmhínithe éagsúla a bheith ann leo, agus de thoradh air sin go bhfuil ranníocaíocht níos lú déanta ag SACanna; ag tabhairt dá haire gurb é freagairt EUAA go bhfuil a chur chuige i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann; á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar na comhaontuithe sin;

10. á mheabhrú go bhfuil imscrúduithe ar siúl faoi láthair ag OLAF maidir le líomhaintí mí-iompair agus neamhrialtachtaí a bhaineann leis an bhfoireann i measc lucht sinsearach bainistíochta EUAA; á iarraidh go ndéanfaí líomhaintí mí-iompar a sheiceáil agus a imscrúdú go mion; á chur in iúl gur geal léi gealltanas EUAA dul i mbun comhar iomlán le OLAF; á iarraidh ar EUAA comhar iomlán dílis le OLAF a áirithiú ag gach céim den imscrúdú agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go tráthrialta maidir le dul chun cinn staid agus thoradh an imscrúdaithe;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 51 –: 4 0: 0
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Jana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuairim á hullmhú aige:

Eintiteas agus/nó duine
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (‘EUAA’)

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

51	+
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
NI	Laura Ferrara
PPE	Magdalena Adamowicz, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Jana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel
The Left	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

4	-
ID	Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche
NI	Milan Uhrík

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh